2025/1449

29.10.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1449 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh marú éigeandála crúbach clóis, le haghaidh tuinníní a reoitear faoi sháile agus le haghaidh táirgí an-mhínphróiseáilte

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1), an dara fomhír, pointí (a), (b), (c), (d) agus (e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 leagtar síos rialacha sonracha maidir le sláinteachas i ndáil le bia de bhunadh ainmhíoch le haghaidh oibreoirí gnólachta bia. Ceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia na ceanglais shonracha a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh, *inter alia*.

(2) Foráiltear le hIarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil VI, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 go n-áiritheoidh oibreoirí gnólachtaí bia nach bhféadfar feoil ó chrúbacha clóis a ndearnadh marú éigeandála orthu lasmuigh den seamlas a úsáid lena caitheamh ag an duine ach amháin má chomhlíonann an fheoil na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil sin. Ceanglaítear le pointe 5 den Chaibidil VI sin dearbhú ón oibreoir gnólachta bia a bheith ag gabháil leis an ainmhí maraithe chuig an seamlas. Cuimsítear ábhar an dearbhaithe sin san fhaisnéis faoin mbiashlabhra a cheanglaítear i gcomhréir le Pointe 3 de Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ar mhaithe le soiléireacht agus le dúbláil a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart tagairt don fhaisnéis faoin mbiashlabhra a cheanglaítear i gcomhréir le Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a chur in ionad phointe 5 de Chaibidil VI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(3) Le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid I.C, pointe 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ceanglaítear ar reoshoithí trealamh reo a bheith acu a bhfuil acmhainn leordhóthanach iontu táirgí iascaigh a reo a thúisce is féidir ar bhealach leanúnach agus ag a bhfuil tréimhse gabhála teirmí chomh gearr agus is féidir, ionas go mbainfear amach teocht lárnach nach mó ná – 18 °C. Le pointe 2 den Chuid sin, ceanglaítear ar reoshoithí trealamh cuisniúcháin a bheith acu a bhfuil acmhainn leordhóthanach iontu chun táirgí iascaigh sna boilg stórála a choinneáil ag teocht nach mó ná – 18 °C. I gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid II, pointe 7, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, i gcás ina ndéantar an t-iasc iomlán atá beartaithe lena channú a reo faoi sháile, níl a theocht le bheith níos airde ná – 9 °C. Leagtar síos sa phointe sin freisin, fiú má dhéantar an t-iasc iomlán a reoitear faoi sháile ar dtús ag teocht nach mó ná – 9 °C a reo ina dhiaidh sin ag teocht – 18 °C, go bhfuil sé beartaithe lena channú go fóill.

(4) I rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit agus in iniúchtaí agus i rialuithe oifigiúla a rinne an Coimisiún sna Ballstáit agus i dtríú tíortha araon, tá sé léirithe nach bhféadfadh reoshoithí, sa chleachtas, an teocht – 18 °C a bhaint amach chun tuinníní a reo faoi sháile. Léiríodh sna tuarascálacha iniúchóireachta freisin go ndearna oibreoirí gnólachta bia áirithe tuinníní a reoitear faoi sháile ag – 9 °C a chur ar an margadh go neamhdhleathach mar thuinníní neamhphróiseáilte lena gcaitheamh go díreach ag an duine. I gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid II, pointe 7, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní féidir na tuinníní sin a bheith beartaithe le haghaidh aon rud seachas lena gcannú. Is féidir leis an gcleachtas sin tomhaltóirí a nochtadh do rioscaí sláinte, toisc go mbíonn siondróm scombróid mar thoradh ar tháirgeadh iomarcach hiostaimín.

([1]) IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj.

(5) Eisíodh líon méadaitheach fógraí maidir leis an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF) maidir le láithreacht hiostaimín os cionn na teorann a leagtar síos i ró 1.26 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún ([2]) i luanta tuinníní díreoite folúsphacáilte, atá cóireáilte le breiseáin, agus cásanna de nimhiú bia scombróid a bhaineann le táirgí den sórt sin a thomhailt. Tá bearta déanta ag na Ballstáit tar éis rialuithe oifigiúla ach léiríodh i bhfógraí RASFF le déanaí nár réitíodh an tsaincheist leis na bearta sin.

(6) I gcomhairliúcháin an Choimisiúin le húdaráis inniúla na mBallstát agus le heagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara, léiríodh go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar theicneolaíochtaí reo ar bord soithí áirithe agus gur féidir tuinníní a reo faoi sháile ag – 18 °C feasta agus a saintréithe orgánaileipteacha á gcoinneáil ar bun an tráth céanna agus sábháilteacht na dtuinníní á háirithiú i gcás ina bhfuil siad faoi réir coinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais a leagan síos maidir le tuinníní faoi sháile a reo ag – 18 °C, tuinníní atá beartaithe chun táirgí iascaigh ullmhaithe a tháirgeadh. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais sin freisin go ndéanfaidh na hoibreoirí féinseiceálacha iomchuí agus go n-éascóidh siad na rialuithe oifigiúla atá le déanamh ag na húdaráis inniúla, ar rialuithe iad is gá chun na reoshoithí sin a idirdhealú ó na soithí sin a dhéanann tuinníní faoi sháile a reo ag – 9 °C agus nach bhfuil beartaithe ach lena gcannú.

(7) Leis na ceanglais sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil na reoshoithí feistithe ionas go mbeidh siad in ann tuinníní a reo faoi sháile ag – 18 °C ar feadh tréimhse réamhchinntithe. Ina theannta sin, ba cheart do na hoibreoirí gnólachta bia lena mbaineann a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar theocht an tsáile i bhfíor-am, agus modhanna cianchumarsáide á n-úsáid. Ba cheart sonraí den sórt sin a bheith ar fáil i rith an ama d'údaráis inniúla na mBallstát. Ba cheart an acmhainn reo iomchuí atá i reoshoithí faoi sháile a shainaithint le linn nós imeachta formheasa na reoshoithí sin chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla tuinníní a thagann ó reoshoithí den sórt sin a shainaithint le linn rialuithe oifigiúla agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne oibreoirí a dhéanann tuinníní nach bhfuil reoite ag – 18 °C a chur ar an margadh go neamhdhleathach. Leis na bearta sin, ba cheart feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus tomhaltóirí á gcosaint an tráth céanna, i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(8) Ina theannta sin, is gá paraiméadair dhochta ama/teochta a shocrú chun tuinnín a reo faoi sháile ag – 18 °C ina chroílár i reoshoithí atá formheasta le haghaidh na gníomhaíochta sin. Ba cheart an laghdú teochta a dhéanamh ar bhealach leanúnach, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas bunaithe. Go háirithe, ba cheart fad iomlán an phróisis reo a shuí.

(9) Ba cheart Roinn VIII, Caibidil I, codanna I agus II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú dá réir.

(10) Le hIarscríbhinn III, Roinn XVI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos ceanglais shonracha maidir le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe i gcás inar gá d'oibreoirí gnólachta bia a áirithiú go gcuirtear deireadh le haon riosca sláinte ainmhithe nó poiblí le cóireáil na n-amhábhar. Táirgí de bhunadh ainmhíoch a údaraítear mar bhreiseáin bhia i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), is táirgí an-mhínphróiseáilte iad freisin ós rud é go gcuirtear deireadh leis na rioscaí sin le táirgeadh breiseán den sórt sin agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i Roinn XVI den Iarscríbhinn sin. Díorthaítear cuid de na breiseáin sin ó fheithidí agus, dá bhrí sin, ba cheart feithidí a cheadú mar amhábhair le haghaidh táirgí an-mhínphróiseáilte. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III, Roinn XVI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú dá réir.

(11) Chun go mbeidh an t-am is gá ag na páirtithe leasmhara chun nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun ceanglais nua a chomhlíonadh a eascraíonn as na leasuithe ar Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith aige ón 27 Eanáir 2026,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2073/oj.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag pointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón 27 Eanáir 2026

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 mar a leanas:

(1) i Roinn I, i gCaibidil VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

‘5. Ní mór an fhaisnéis faoin mbiashlabhra a cheanglaítear i gcomhréir le Roinn III d’Iarscríbhinn II a bheith ag gabháil leis an ainmhí maraithe chuig an seamlas.’;

(2) i Roinn VIII:

(a) Leasaítear Caibidil I mar a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid I.C.:

‘C. **Ceanglais maidir le reoshoithí**

1. Maidir le reoshoithí:

(a) tá trealamh reo acu agus acmhainn leordhóthanach iontu táirgí iascaigh a reo a thúisce is féidir i bpróiseas leanúnach agus a bhfuil tréimhse gabhála teirmí chomh gearr agus is féidir acu, ionas go mbainfear amach teocht lárnach nach mó ná – 18 °C;

(b) tá trealamh cuisniúcháin acu a bhfuil acmhainn leordhóthanach ann táirgí iascaigh i mbolg stórála a choinneáil ag teocht nach mó ná – 18 °C. Ní ceadmhach na boilg stórála a úsáid le haghaidh reo mura gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in (a) den phointe seo, agus ní mór gléas taifeadta teochta a bheith feistithe air in áit ar féidir é a léamh go héasca. Ní mór do bhraiteoir teochta an léitheora a bheith suite sa limistéar is airde teocht sa bholg;

(c) ní mór dóibh na ceanglais a chomhlíonadh maidir le soithí atá deartha agus feistithe chun táirgí iascaigh a chaomhnú ar feadh tréimhse is mó ná 24 uair an chloig a leagtar síos i gCuid I.B., pointe 2.

2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1 den Chuid seo, ní mór reoshoithí a dhéanann tuinníní a reo faoi sháile dá dtagraítear i gCuid II, pointe 8, a fheistiú le córas a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(a) déanann sé faireachán go leanúnach i bhfíor-am agus taifeadann sé teocht an tsáile ar bord trí mhodhanna leictreonacha tomhais teochta a úsáid;

(b) is féidir leis an oibreoir gnólachta bia faireachán fíor-ama ar tír a dhéanamh ar theocht an tsáile.

3. Ní mór d’oibreoirí gnólachta bia reoshoithí a dhéanann tuinníní a reo faoi sháile dá dtagraítear i gCuid II, pointe 8, rochtain a thabhairt, arna iarraidh sin, do na húdaráis inniúla ar na sonraí maidir le teocht an tsáile a bhailítear tríd an gcóras dá dtagraítear i bpointe 2(a) agus (b) den Chuid seo.

4. Ní mór d’oibreoirí gnólachta bia reoshoithí a dhéanann tuinníní a reo faoi sháile dá dtagraítear i gCuid II, pointe 8, plean bailíochtúcháin a bhunú maidir le hacmhainn reo na reoshoithí tuinníní a reo faoi sháile, ar plean é nach mór an méid seo a leanas a chuimsiú ann:

(a) staidéir chinéiteacha chomhleanúnacha agus cuar comhghaoil idir teocht sáile agus lár-theocht, ar thaobh amháin, agus na tréimhsí ama agus fuaraithe dá dtagraítear i gCuid II, pointí 8 (a) agus (b), ar an taobh eile; ní mór na staidéir agus an cuar comhghaoil sin a bheith bunaithe ar theocht na dtuinníní arna taifeadadh leis na hionstraimí a chuirtear i dtuinníní sampláilte chomh maith le critéir eile a fhéadfaidh na húdaráis inniúla a bhunú;

(b) fianaise go bhfuil na tóireadóirí teochta nó na braiteoirí deimhnithe i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha maidir le tomhais teochta.

5. Ní mór don údarás inniúil an plean bailíochtúcháin a sheiceáil, agus sainaithint a dhéanamh ar acmhainn reo na reoshoithí a dhéanann tuinníní a reo faoi sháile dá dtagraítear i gCuid II, pointe 8, le linn phróiseas formheasa na reoshoithí sin i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Rialachán seo nó, i gcás reoshoithí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain acu, agus na reoshoithí á gcur ar an liosta arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointí (e)(ii) agus (iii), de Rialachán (AE) 2017/625.';

(ii) Cuid I.D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3: 'Soithí próiseála a ndéantar táirgí iascaigh a reo orthu, ní mór trealamh a bheith acu a chomhlíonann na ceanglais maidir le reoshoithí a leagtar síos i gCuid I.C, pointí 1(a) agus 1(b)'

(iii) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid I.E.: 'Soithí cuisnithe a dhéanann táirgí iascaigh reoite i mbulc a iompar agus/nó a stóráil, ní mór trealamh a bheith acu a chomhlíonann na ceanglais maidir le reoshoithí a leagtar síos i bpointe 1(b) de Chuid C i dtaca leis an acmhainn atá iontu an teocht a choinneáil mar atá.'

(iv) I gCuid II, cuirtear isteach an pointe 8 seo a leanas:

'8. Féadfar an tuinnín iomlán (géineas *Thunnus agus Katsuwonus*) a reo faoi sháile ag – 18 °C ina chroílár i reoshoithí dá dtagraítear i Roinn VIII, Caibidil I, Cuid I.C, pointe 2 ar choinníoll go ndéantar an laghdú teochta ar bhealach leanúnach, agus faoi réir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) i gcás ina ndéantar táirgí iascaigh a reo go díreach faoi sháile, ní mór gan fad iomlán an reo chun – 18 °C ag a chroílár a bhaint amach a bheith níos faide ná 96 uair an chloig tar éis an chéad ghabháil tuinníní a bheith curtha faoi sháile, agus ní mór don tuinnín teocht faoi bhun 0 °C ag a chroílár a bhaint amach laistigh de 24 uair an chloig;

(b) i gcás ina ndéantar próiseas fuaraithe in uisce sáile glan fuaraithe sula gcuirtear an tuinnín faoi sháile, ní mór teocht an mheascáin tuinníní agus sáile glan fuaraithe 3 °C a bhaint amach laistigh de 6 uair an chloig, agus 0 °C a bhaint amach laistigh de 16 uair an chloig; ní mór gan an próiseas fuaraithe iomlán in uisce sáile glan fuaraithe a bheith níos faide ná 72 uair an chloig tar éis an chéad ghabháil tuinníní a bheith curtha san umar sáile glan fuaraithe; a luaithe a chuirtear an tuinnín faoi sháile, ní mór gan fad iomlán an phróisis reo, ó 0 °C go – 18 °C ag a chroílár, a bheith níos faide ná 72 uair an chloig;

(c) ní mór d'oibreoirí gnólachtaí bia faireachán a dhéanamh ar thiúchan salainn an tsáile agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun an tiúchan salainn a leagtar amach ina bplean bailíochtúcháin a choinneáil ar bun;

(d) chun críocha fíoraithe, ní mór do na hoibreoirí gnólachta bia teocht sampla tuinnín a thaifeadadh go leanúnach trí uirlis tomhais teochta a chuirtear isteach sa chuid theocht-íogair den iasc arb í is deireanaí a reofar.';

(b) i gCaibidil III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid B: 'Bunaíochtaí atá ar talamh a dhéanann táirgí iascaigh reoite a reo nó a stóráil, ní mór trealamh a bheith acu atá in oiriúint don ghníomhaíocht atá á déanamh, trealamh a chomhlíonann na ceanglais maidir le reoshoithí a leagtar síos i Roinn VIII, Caibidil I, cuid I.C, pointí 1(a) agus 1(b).';

(3) Leasaítear Roinn XVI mar a leanas:

(a) i bpointe (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (h):

'(h) blastáin bhia de bhunadh ainmhíoch a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj).';

(b) leasaítear pointe (2) mar a leanas:

(i) cuirtear an fophointe (4) seo a leanas le fophointe (c):

‘(4) nuair a dhíorthaítear ó ghréisc olla í, cóireáil teasa ag 135 °C ar a laghad ar feadh 90 nóiméad ar a laghad;’;

(ii) cuirtear an fophointe (d) seo a leanas leis:

‘(d) feithidí.’.